SnasTV
NUACHT TG4

# Abhainn thruaillithe

Meánleibhéal 2 (B2)

## A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi abhainn thruaillithe i gContae an Chláir. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna le chéile.

1. Féach ar an íomhá thíos ón mír nuachta. Cad a phléifear sa mhír, dar leat?




2. Cén fáth a mbeadh baint ag Iascach Intíre Éireann leis an scéal? Féach anseo le tuilleadh eolais a fháil faoi Iascach Intíre Éireann, más gá.
3. Cad í an áit sa dúlra is ansa leat in Éirinn? Cén fáth?
4. An mbíonn a lán cuairteoirí san áit sin?
5. An bhfuil an áit sin truaillithe? Cén fáth?
6. An bhfuil uiscí na hÉireann truaillithe, dar leat?

# B: FOCLÓIR



1. Beidh na focail thíos le cloisteáil sa mhír ar ball. An féidir leat na leaganacha Gaeilge a aimsiú anois sula bhféachfaidh tú ar an mír? Bain úsáid as www.focloir.ie chun cuidiú leat, más gá.

| | |
|---|---|
| a) *nursery (for fish)* | |
| b) *discharged* | |
| c) *the waterway* | |
| d) *the habitat* | |
| e) *(to do) an evaluation* | |
| f) *electronic equipment* | |
| g) *(is) set free* | |
| h) *comeback, bounce* | |
| i) *to replenish, recover* | |
| j) *crossbreeding* | |

2. Féach ar an mír den chéad uair agus aimsigh na focail thuas inti. An raibh na focail chéanna agat féin? ___________________________________________________________

3. Seo cuid de na héisc dhúchasacha atá againn in aibhneacha na hÉireann. An féidir leat ainmneacha na n-iasc a mheaitseáil leis na pictiúir chuí? Scríobh an uimhir cheart in aice le gach iasc.






| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 1. breac | 2. bradán | 3. liús | 4. péirse | 5. eascann |

4. Ciallaíonn 'breac' *trout*, ach tá brí eile leis an bhfocal sin. Cad é? Féach ar www.teanglann.ie más gá. ___________________________________________________________

# C: TUISCINT

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Freagraígí na ceisteanna thíos le chéile:

| |
|---|
| 1. Cén fáth a bhfuil Abhainn Bhaile Mhic Cráibhín tábhachtach d'éisc óga? |
| |
| 2. Cad a tharla don abhainn sa bhliain 2023? |
| |
| 3. Cén sprioc a chuir an pobal áitiúil rompu? |
| |
| 4. Conas a dhéantar anailís ar an stoc éisc? |
| |
| 5. Cad a dhéantar leis na héisc tar éis na hanailíse? |
| |
| 6. Cad a léirigh torthaí na hanailíse? |
| |
| 7. An bhfuil Jane Gilleran dóchasach faoin méid atá i ndán don abhainn? |
| |
| 8. An féidir abhainn thruaillithe a athshlánú? |
| |
| 9. An bhfuil líon na mbradán fiáin ag méadú? |
| |
| 10. Cén fáth ar luadh na bradáin feirme sa mhír? |
| |



# D: FEASACHT TEANGA

## 1: Cruinneas gramadaí (an tuiseal ginideach tar éis na réamhfhocal comhshuite)

Má thagann ainmfhocal amháin tar éis réamhfhocal comhshuite, cuirtear sa tuiseal ginideach é. Ach má thagann ainmfhocal éiginnte (gan an t-alt) móide aidiacht (nó ainmfhocal i gcáil aidiachta) tar éis réamhfhocal comhshuite, ní dhéantar athrú an ghinidigh ar an ainmfhocal nó ar an aidiacht a théann leis. Féach:

| | |
|---|---|
| ar feadh na míosa | ar feadh mí iomlán |
| le linn an chruinnithe | le linn cruinniú fada |

Bain amach na lúibíní sna samplaí thíos agus cuir an fhoirm cheart den ainmfhocal agus den aidiacht (nó ainmfhocal i gcáil aidiachta) sna bearnaí.

| | |
|---|---|
| a) i ndiaidh (an sos) _______________ | f) i measc (bradáin fhiáine) _______________ |
| b) faoi stiúir (bainistíocht mhaith) ____________ | g) i gcomhair (gloine fíona) _______________ |
| c) tar éis (an tubaiste) _______________ | h) le haghaidh (an bricfeasta) _______________ |
| d) tar éis (eachtra thromchúiseach) ____________ | i) os cionn (an doras) _______________ |
| e) de bharr (fadhbanna airgid) _______________ | j) i lár (an tsráid) _______________ |

## 2: Cruinneas gramadaí (an saorbhriathar)

Líon na bearnaí sna habairtí seo ón mír leis an saorbhriathar cuí.

a) (Maraigh) _______________ os cionn dhá mhíle breac.
b) (Déan) _______________ é seo le trealamh leictreonach a chur isteach san uisce.
c) Nuair a bhíonn an anailís déanta, (scaoil) _______________ saor an t-iasc.
d) (Léirigh) _______________ go bhfuil an-teacht aniar déanta ag na héisc.
e) Léiríonn an méid a (bain) _______________ amach gur féidir abhainn a athshlánú.

## 3: Saibhreas teanga (Canúint na Mumhan)

Tá canúint na Mumhan ag Tomás Ó Mainnín. Liostaigh cuid de thréithe na canúna sin a bhí le cloisteáil sa mhír.

a) ____________________________________________
b) ____________________________________________
c) ____________________________________________
d) ____________________________________________
e) ____________________________________________

# E: CUMARSÁID

## 1: Caint

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus tugaigí faoi na tascanna seo:

a) Féachaigí ar na cineálacha truaillithe a léirítear sna pictiúir thíos:

- ✓ Roghnaígí dhá cheann acu.
- ✓ Déanaigí bhur machnamh ar na ceisteanna seo:

  Cad is cúis leis na cineálacha truaillithe a roghnaigh sibh?

  Cad iad na fadhbanna a bhaineann leo?

  Cén réiteach a bheadh agatsa orthu?

b) Labhair leis an duine in aice leat ansin agus mínígí bhur gcuid roghanna dá chéile.

c) Pléigí na ceisteanna seo le chéile freisin:

  An bhfuil truailliú le feiceáil i do cheantar féin?

  An bhfuil iarrachtaí á ndéanamh sa phobal dul i ngleic leis?



**Truailliú plaisteach**:
ainmhithe & éisc mhara
éiceachóras muirí



**Truailliú aeir**:
astaíochtaí carbóin
feithiclí & tionscail



**Truailliú radaighníomhach**:
Stáisiún núicléach
dramhaíl núicléach



**Truailliú uisce**:
camras
dramhaíl thionsclaíoch

## 2: Scríobh

Scríobh ríomhphost gearr chuig do chomhairleoir contae, ag gearán faoi cheann amháin de na fadhbanna a pléadh faoi Caint thuas.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

# AN SCRIPT

**Tomás Ó Mainnín**
Is í seo Abhainn Bhaile Mhic Cráibhín, in iarthar Chontae an Chláir, agus abhainn atá ana-thábhachtach[1] mar iasclann do bhric óga. Ach in 2023, tar éis suas le 2.5 ciliméadar den abhainn a bheith truaillithe, tar éis ábhar a bheith sceite ó ionad de chuid Uisce Éireann go háitiúil, maraíodh os cionn dhá mhíle breac anseo – ina measc, bradáin fhiáine agus eascanna[2].

Chuir an pobal anseo – faoi stiúir chlár uiscí na n-údarás áitiúil – rompu mar sprioc, an t-uiscebhealach agus an ghnáthóg anseo a fheabhsú tar éis na tubaiste.

Bliain go leith ar aghaidh ó thosaigh an obair sin, do dhein[3] foireann de chuid Iascach Intíre Éireann measúnú ar an abhainn, féachaint an raibh aon chuid den stoc éisc tagtha thar n-ais[4]. Déantar é seo le trealamh leictreonach a chur tríd an uisce. Nuair a thagann sé gar d'aon iasc, cuireann sé stad leo ar feadh cúpla soicind. Tugann sé sin deis don bhfoireann[5] an speiceas a aithint agus a chlárú.

Nuair a bhíonn an anailís sin déanta, scaoiltear saor an breac arís, thar n-ais san abhainn. Léirigh na torthaí anseo go raibh ana-theacht[6] aniar déanta maidir leis an abhainn a athshlánú tar éis na heachtra truaillithe.

**Jane Gilleran, Oifigeach, Iascach Intíre Éireann**
*It bodes well for the recovery of the river in the next few years.*

**Tomás Ó Mainnín**
Léiríonn an méid a baineadh amach san abhainn seo gur féidir abhainn a athshlánú tar éis eachtra thromchúiseach thruaillithe. Dea-scéala do na stocanna[7] éisc, go háirithe an bradán fiáin – iasc a bhfuil a n-uimhreacha tite go mór sa tír seo le blianta anuas. Ach anois, tá baol eile aitheanta chomh maith agus sin é an baol ó thras-síolrú ó bhradáin feirme in aibhneacha na tíre seo.

---

[1] 'an-tábhachtach' a scríobhtar as Chaighdeán Oifigiúil

[2] eascúin = leagan canúnach de 'eascanna'

[3] do dhein = leagan canúnach de 'rinne'

[4] thar n-ais = leagan canúnach de 'ar ais'

[5] Canúint na Mumhan atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cloítear le nósanna na canúna sin maidir le réamhfhocail agus an t-alt, mar shampla, urú seachas séimhiú i ndiaidh 'den' agus 'don', agus urú ar ainmfhocail dar tús 'd' agus 't'.

[6] 'an-teacht' a scríobhtar as Chaighdeán Oifigiúil

[7] stocanna = leagan canúnach de 'stoic'

# NÓTAÍ & FREAGRAÍ

## A: MACHNAMH




Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin. Tabhair tamall do na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna ar dtús sula bpléifidh tusa na ceisteanna leis an rang iomlán.

## B: FOCLÓIR

1. Freagraí:

| | |
|---|---|
| *nursery (for fish)* | *iasclann* |
| *discharged* | *sceite* |
| *the waterway* | *an t-uiscebhealach* |
| *the habitat* | *an ghnáthóg* |
| *(to do) an evaluation* | *measúnú a dhéanamh* |
| *electronic equipment* | *trealamh leictreonach* |
| *(is) set free* | *scaoiltear saor* |
| *comeback, bounce* | *teacht aniar* |
| *to replenish, recover* | *a athshlánú* |
| *crossbreeding* | *tras-síolrú* |

2. Déan plé ar na focail a bhí acu féin. B'fhéidir go raibh leagan eile acu de na focail.
3. Féach:

| **1** | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|
|  |  |  |  |  |

4. Ciallaíonn 'breac' 'iasc' freisin.

## C: TUISCINT

Féach ar an script.

## D: FEASACHT TEANGA

### 1: Cruinneas gramadaí (an tuiseal ginideach tar éis na réamhfhocal comhshuite)

Freagraí:

| | |
|---|---|
| a) i ndiaidh **an tsosa** | f) i measc **bradáin fhiáine** |
| b) faoi stiúir **bainistíocht mhaith** | g) i gcomhair **gloine fíona** |
| c) tar éis **na tubaiste** | h) le haghaidh **an bhricfeasta** |
| d) tar éis **eachtra thromchúiseach** | i) os cionn **an dorais** |
| e) de bharr **fadhbanna airgid** | j) i lár **na sráide** |

### 2: Cruinneas gramadaí (an saorbhriathar)

Freagraí:

a) **Maraíodh** os cionn dhá mhíle breac.
b) **Déantar** é seo le trealamh leictreonach a chur isteach san uisce.
c) Nuair a bhíonn an anailís déanta, **scaoiltear** saor an t-iasc.
d) **Léirítear** go bhfuil an-teacht aniar déanta ag na héisc.
e) Léiríonn an méid a **baineadh** amach gur féidir abhainn a athshlánú.

### 3: Saibhreas teanga (Canúint na Mumhan)

Féach:

a) ‘ana-thábhachtach’ agus ‘ana-theacht aniar’ (‘an-tábhachtach’ agus ‘an-teacht’ aniar sa Chaighdeán Oifigiúil)
b) ‘do dhein’ (‘rinne’ sa Chaighdeán Oifigiúil)
c) ‘eascúin’ (‘eascanna’ sa Chaighdeán Oifigiúil)
d) ‘don bhfoireann’ (‘don fhoireann’ sa Chaighdeán Oifigiúil)
e) ‘thar n-ais’ (‘ar ais’ sa Chaighdeán Oifigiúil**)**

## E. CUMARSÁID

### 1: Caint

Tabhair deis do na beirteanna na pictiúir a chur i gcomparáid le chéile agus plé a dhéanamh ar chúrsaí comhshaoil.

### 2: Scríobh

Iarr orthu ríomhphost gearr a scríobh chuig a gcomhairleoirí contae áitiúla chun gearán a dhéanamh faoi cheann amháin de na fadhbanna truaillithe.